C/2024/2262

19.3.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit

(C/2024/2262)

Dírítear aird na ndaoine seo ar an bhfaisnéis a leanas: Alexey Valeryevich MININ (Uimh. 3), Aleksei Sergeyvich Morenets (Uimh.4), Evgenii Mikhaylovich Serebriakov (Uimh.5), Oleg Mikhaylovich SOTNIKOV (Uimh. 6), Dmitry Sergeyevich BADIN (Uimh.7), Igor Olegovich Kostyukov (Uimh.8), Príomh-Lárionad Teicneolaíochtaí Speisialta (GTsST) Main Centre for Special Technologies (GTsST) of the Main Directorate of the General Staff of the Armed Forces of the Russian Federation (GU/GRU) (Uimh.3), 85th Main Centre for Special Services (GTsSS) of the Main Directorate of the General Staff of the Armed Forces of the Russian Federation (GU/GRU) (Uimh.4), daoine agus eintitis atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/797 ón gComhairle ([1]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/796 ón gComhairle ([2]) a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne cibirionsaithe lena mbagraítear ar an Aontas nó ar a Bhallstáit.

Is é a bheartaíonn an Chomhairle na bearta sriantacha in aghaidh na ndaoine agus na n-eintiteas thuasluaite a choinneáil ach ráiteas leasaithe ar chúiseanna a bheith ag gabháil leo. Cuirtear in iúl do na daoine agus do na heintitis sin, leis seo, go bhféadfaidh siad iarraidh a chur faoi bhráid na Comhairle chun an ráiteas leasaithe ar chúiseanna lena n-ainmniú atá beartaithe a fháil, roimh an 2 Aibreán 2024, chuig an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1 Gnóthaí Cothrománacha agus Domhanda
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: sanctions@consilium.europa.eu

([1]) IO L 129I, 17.5.2019, lch.13
([2]) IO L 129I, 17.5.2019, lch.1.